THE Alzheimer SOCIETY OF IRELAND

dementia under stand together

A1

# Néaltrú a thuiscint - ceannteideal na míre

## A1: Siomptóim luatha & diagnóis



Líne Chabhrach Náisiúnta Alzheimer
**1800 341 341**

## Cad is néaltrú ann?

Is scáth-théarma é néaltrú a úsáidtear le cur síos a dhéanamh ar ghrúpa fadhbanna a dhéanann damáiste do chealla inchinne. Ciallaíonn an damáiste seo go n-athróidh cumas duine smaoineamh, labhairt, cuimhneamh ar rudaí agus gnáthrudaí a dhéanamh. De réir mar a théann an néaltrú in olcas, éireoidh na hathruithe seo measa, agus beidh tuilleadh cúnaimh ag teastáil ón duine.

Tá go leor riochtaí ann a mbíonn néaltrú mar thoradh orthu. Is é galar Alzheimer an chúis is coitianta. Is cúiseanna eile iad néaltrú soithíoch, néaltrú coirpíní Lewy agus néaltrú na maothán tosaigh agus uisinne. Uaireanta is féidir le duine meascán de dhá chineál néaltraithe a bheith orthu, agus tugtar néaltrú measctha air seo. D'fhéadfaí a dhiagnóisiú go bhfuil néaltrú ar dhuine, agus b'fhéidir nach mbeifí in ann a dhearbhú an galar Alzheimer nó cúis eile néaltraithe é.

## Cad iad na comharthaí luatha a bhaineann le néaltrú?

D'fhéadfadh sé a bheith deacair comharthaí luatha an néaltraithe a aithint. Bíonn athruithe ar an gcuimhne ghearrthéarmach ag daoine áirithe go luath, i gcás daoine eile b'fhéidir gurb iad athruithe ar ghiúmar nó ar theanga an chéad chomhartha a thugtar faoi deara

Bíonn a dtaithí ar leith féin ag gach duine leis an néaltrú.

**Go ginearálta, i measc comharthaí agus siomptóim luatha tá:**

- Díchuimhne, go háirithe maidir le himeachtaí a tharla le déanaí
- Fadhbanna le teanga, deacracht ag teacht ar an bhfocal ceart
- Athruithe ar ghiúmar agus iompar
- Ag éirí trína chéile i dtimpeallacht nó i gcásanna a bhfuil cleachtadh ag an duine orthu
- Deacracht comhráite, clár teilifíse nó léitheoireacht a thuiscint
- Deacracht airgead a bhainistiú
- Deacracht fadhbanna a réiteach nó tascanna laethúla a bhainistiú
- Spéis a chailleadh i gcaitheamh aimsire, gan suim rud éigin a thosú nó dul áit éigin.
- Ceist nó scéal a athrá arís agus arís eile i ngan fhios dóibh féin
- Deacracht achair a mheas, nó baineann an chiall chontráilte as patrún nó léiriú.

Beidh taithí ag cuid mhaith daoine ar roinnt de na comharthaí seo, agus d'aithneoidís de ghnáth go dtéann an deacracht in olcas le himeacht ama. Go ginearálta, tagann comharthaí agus siomptóim chun cinn de réir a chéile. Is féidir leis seo a bheith deacair don duine a bhfuil na hathruithe ag tarlú dóibh agus dá theaghlach agus dá chairde

## Cén fáth a bhfuil sé ríthábhachtach diagnóis a fháil?

**Tá diagnóis luath tábhachtach mar:**

- go mbíonn cúiseanna eile, a bhfuil cóireáil ar fáil ina leith, go minic ag baint le díchuimhne agus mearbhall, agus tá diagnóis tábhachtach chun na chéad chéimeanna eile a oibriú amach.
- go bhfuil tacaíochtaí agus seirbhísí ann a chabhróidh leat saol maith a chaitheamh le néaltrú, ciallaíonn diagnóis a bheith faighte agat gur féidir leat úsáid a bhaint astu seo;
- go bhféadfadh cóireálacha agus cógais a bheith ann a chuideoidh le siomptóim a bhainistiú;
- go ligeann sé don duine a bhfuil néaltrú air agus dá theaghlach pleananna a dhéanamh don todhchaí agus smaoineamh faoi na socruithe dlíthiúla agus airgeadais atá le déanamh.

## Conas a dhéantar diagnóis?

Níl aon tástáil amháin ann chun néaltrú a dhiagnóisiú. Tá réimse measúnuithe agus tástálacha i gceist leis an diagnóis. Mar sin, d'fhéadfadh roinnt ama a bheith i gceist chun néaltrú a dhiagnóisiú, go háirithe sna céimeanna tosaigh.

Tosaíonn diagnóis néaltraithe le Dochtúir Teaghlaigh de ghnáth. Déanfaidh an dochtúir athbhreithniú ar thaifid leighis agus gheobhaidh sé léargas ar na hathruithe atá ag tarlú.

Go ginearálta, tosóidh an dochtúir le cúiseanna féideartha eile a bhaineann leis na comharthaí agus na siomptóim atá ag duine a chur as an áireamh. D'fhéadfadh go mbeadh roinnt tástálacha i gceist leis seo lena n-áirítear tástálacha fola agus fuail, roinnt tástálacha cuimhne agus smaointeoireachta chomh maith le bunléargas ar shláinte ghinearálta an duine.

D'fhéadfadh an dochtúir a bheith in ann diagnóis a dhéanamh, nó b'fhéidir go gceapfaidís go bhfuil gá le measúnú breise. Is féidir le dochtúirí teaghlaigh daoine a chur ar aghaidh chuig comhairleoir a dhéanann speisialtóireacht i néaltrú a dhiagnóisiú, cosúil le geiriatraí nó síciatraí seandaoine. In áiteanna áirithe sa tír, is féidir leis an dochtúir teaghlaigh thú a chur ar aghaidh chuig comhairleoir atá ag obair i gclinic cuimhne nó i Seirbhís Measúnaithe & Tacaíochta Cuimhne (MASS). Má tá tú faoi 65, cuirfear ar aghaidh de ghnáth chuig néareolaí, comhairleoir i gclinic cuimhne nó chuig MASS thú.

Tá Clinicí Cuimhne Speisialaithe Réigiúnacha (RSMC) i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i nGaillimh. Bíonn na clinicí seo dírithe ar dhaoine óga den chuid is mó, nó ar chásanna atá neamhghnách nó doiléir, nuair a bhíonn gá le measúnú níos mionsonraithe agus níos speisialaithe.

Má cheapann tú go mbeadh atreorú chuig speisialtóir ina chuidiú, is féidir leat é seo a phlé leis an Dochtúir Teaghlaigh.

Déanfaidh an dochtúir comhairleach measúnú iomlán chun iarracht a dhéanamh teacht ar chúis na siomptóm. De ghnáth oibríonn siad le foireann speisialtóireachta, agus seans go bhfeicfidh tú roinnt daoine ón bhfoireann seo. Cuimsíonn an próiseas seo de ghnáth tástálacha fola, stair iomlán leighis an teaghlaigh, scrúdú fisiceach agus measúnú ar do chuimhne, do smaointeoireacht agus do ghníomhaíochtaí laethúla. D'fhéadfadh scanadh ar an inchinn (CT, MRI) a bheith mar chuid den mheasúnú chun aon athruithe a tharlaíonn san inchinn a aithint, ach seans nach mbeadh sé seo ag teastáil i ngach cás.

Oibreoidh na dochtúirí comhairleacha agus a bhfoireann go díreach leis an duine a bhfuil na hathruithe ag cur isteach orthu. Féadfaidh siad iarraidh ar dhaoine den teaghlach freisin labhairt faoi aon athruithe a fheiceann siad féin nó faoi aon imní atá orthu.

Tar éis an mheasúnaithe, cuirfidh an comhairleoir na torthaí go léir le chéile agus cinnfidh sé cad atá ag tarlú. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí an measúnú arís níos déanaí chun athruithe breise a aithint agus diagnóis a dhearbhú.

## Leideanna chun oibriú le dochtúirí le linn diagnóise

Tá sé ina chuidiú nóta a dhéanamh de na hathruithe atá ina gcúis imní nó aon cheist atá agat roimh

- coinnigh dialann chun cabhrú leat na hathruithe atá ag déanamh imní duit a thaifeadadh; áirítear leis seo fad na gcomharthaí agus aon phatrúin a thugann tú faoi deara
- fiafraigh de dhaoine den teaghlach nó de chairde an bhfuil aon athruithe tugtha faoi deara acu, b'fhéidir go mbeidís in ann cabhrú leat na hathruithe a thug tú faoi deara a scríobh síos;
- scríobh síos aon cheist atá agat agus iarr ar an dochtúir focail nó frásaí nach dtuigeann tú a mhíniú;
- tugann daoine áirithe duine den teaghlach nó cara leo chuig an gcoinne.

## Cad a tharlaíonn má dhéantar diagnóis?

Baineann diagnóis néaltraithe croitheadh as duine, is cuma má bhíothas ag súil leis nó nach raibh. Bíonn sé deacair ar gach duine lena mbaineann, agus tá sé ríthábhachtach an duine a chur ar a shuaimhneas agus tacú leis. Is é an rud is tábhachtaí duitse ná go ndéanfaidh tú iarracht a bheith dearfach agus go dtuigfidh tú nach bhfuil tú ag streachailt i d'aonar. Tá daoine ann ar féidir leat labhairt leo agus tá tacaíochtaí agus seirbhísí ar fáil le cabhrú leat.

Duine ríthábhachtach a bheidh i do dhochtúir teaghlaigh a thacóidh leat saol maith a chaitheamh le néaltrú. Is féidir leat labhairt le do Chomhairleoir Néaltraithe áitiúil freisin, atá ar fáil chun eolas agus comhairle a thabhairt duit agus chun cabhrú leat thú a chur i dteagmháil le tacaíochtaí agus le seirbhísí áitiúla.

Is féidir leat teagmháil a dhéanamh le Líne Chabhrach Chumann Alzheimer na hÉireann, atá saor in aisce agus rúnda, chun eolas a fháil faoi néaltrú, tiomáint agus pleanáil dhlíthiúil agus airgeadais, agus faoi thacaíochtaí agus seirbhísí áitiúla cosúil le do Chomhairleoir Néaltraithe.

**Bileog eolais:** A001. **Last Updated:** May 2026. **Last Reviewed:** May 2026. **Reviewed by:** Danielle Timmons, Dementia Advisor

Tá gach iarracht déanta ag Cumann Alzheimer na hÉireann lena chinntiú go bhfuil gach eolas sa bhileog seo ceart agus cruinn. Níl ASI freagrach as aon eolas míchruinn, earráidí, easnaimh nó eolas míthreorach.

Cuir glaoch ar **1800 341 341**
Ríomhphost: **helpline@alzheimer.ie**
Téigh chuig: **www.alzheimer.ie**

 © The Alzheimer Society of Ireland